



Fógra cúlra don Thionscnamh Eorpach na Saoránach: Tá an ceart ag cách ar Uisce agus ar Shláintíocht!

Stair

Chinn ceardchumainn sheirbhísí poiblí Eorpacha (EPSU) tús a chur le milliún síniú a fháil maidir le ceart uisce a bheith ag cách ag a gComhdháil 2009, lena n-áirítear: oibríthe agus saoránaigh a shlógadh i dtacaíocht leis an cheart seo agus i gcoinne thorthaí diúltacha na mbeartas léirscaoilte agus réamhiomaíochta is flúirsí laistigh den Choimisiún Eorpach agus i measc rialtais na hEorpa. Shocraigh an Coimisiún Eorpach na rialacha faoina leithéid de Thionscnamh Eorpach na Saoránach, faoi dheireadh, i mí an Mhárta 2011. Chun tuilleadh sonraí a fháil faoin rialachán, féach: <http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/welcome?lg=ga> .

D'aithin na Náisiúin Aontaithe go bhfuil an ceart ag cách ar uisce agus ar shláintíocht. An 28 Iúil 2010, trí Rún 64/292, d'aithin Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe go sainráite go bhfuil an ceart ag cách ar uisce agus ar shláintíocht agus d'aithin sé leis gur príomhthosca iad an t-uisce óil glan agus an tsláintíocht chun gach uile cheart daonna a bhaint amach. Iarrann an Rún ar Bhallstáit agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta acmhainní airgeadais a chur ar fáil, cabhrú le cumas a mhéadú agus le teicneolaíocht a aistriú d'fhonn uisce óil atá sábháilte, glan agus insroichte agus ar phraghas réasúnta, agus an tsláintíocht a chur ar fáil do chách.

Bíonn uisce óil agus córas sábháilte sláintíochta ag teastáil ó gach uile shaoránach. D'aithin na Náisiúin Aontaithe go bhfuil an ceart ag cách ar uisce agus ar shláintíocht, ach níl an ceart seo ag a lán daoine fós. Caithfear an ceart seo a chur i bhfeidhm laistigh den Aontas Eorpach.

Cad a theastaíonn uainn

1. Seirbhísí uisce agus sláintíochta a ráthú do chách san Aontas Eorpach. Creidimid go gcaithfidh an tAontas Eorpach an ceart uisce atá ag cách a chur i bhfeidhm a mhéad a bhfuil seirbhísí uisce agus sláintíochta faoi réir an dlí Eorpaigh (mar sheirbhís leasa ghinearálta). Caithfidh an tAontas Eorpach cur i bhfeidhm náisiúnta an cheart daonna seo a chur chun cinn trí spriocanna ceangailteacha a bhunú do na Ballstáit uile chun go gcumhdófar cách.

Fógra cúlra don
Thionscnamh Eorpach na Saoránach:
Tá an ceart ag cách ar Uisce agus ar Shláintíocht!

2. Cearta Daonna os cionn leasanna margaidh: Ná léirscaoil seirbhísí uisce.
Ba mhaith linn go ndéanfadh an tAontas Eorpach athrú ar an mheon aigne aige, a chuireann béim faoi láthair ar iomaíochas agus ar chur chuige iomlán margadhbhunaithe, agus go nglacfadh sé le dearcadh seirbhíse poiblí agus cur chuige atá bunaithe ar chearta. Acmhainn theoranta nádúrtha is ea an t-uisce agus is bunphrionsabal don saol agus don tsláinte é ar mhaithe leis an phobal. Is monaplacht 'nádúrtha' é agus caithfear é a choimeád ar leith ó rialacha margaidh inmheánaigh.
3. Rochtain dhomhanda/uilechoiteann ag cách ar uisce agus ar shláintíocht.
Creidimid gur chóir don Aontas Eorpach iarracht níos mó a dhéanamh chun uisce agus sláintíocht a chur ar fáil do chách. Caithfidh an tAontas Eorpach spriocanna a bhunú agus caithfidh sé a leagadh amach ina Bheartas forbartha go mbainfear amach rochtain uilechoiteann (dhomhanda) ar uisce agus ar shláintíocht. Ma dhéantar amhlaidh, cuirfidh an tAontas Eorpach chun cinn go gníomhach gur féidir le cách tairbhe a bhaint as uisce agus sláintíocht.

Ár dtograí chuig an Choimisiún Eorpach chun an ceart atá ag cách ar uisce agus ar shláintíocht a chur i bhfeidhm:

1. An Ceart atá ag Cách ar Uisce agus ar Shláintíocht a úsáid i ngach scéala a bhaineann le hUisce agus/nó le Sláintíocht.
2. Seirbhísí uisce (atá sábháilte agus glan ar phraghas réasúnta) agus sláintíochta a ráthú do gach uile dhuine i mBallstáit den Aontas Eorpach.
3. Staonadh ó sheirbhísí tráchtála a dhéanamh de sheirbhísí uisce tríd an t-uisce a eisiáimh ó rialacha margaidh inmheánaigh. Féadtar é sin a bhaint amach trí ghealltanais ag an Choimisiún Eorpach:
 - Nach léirscaoilfear seirbhísí uisce agus sláintíochta.
 - Nach gcuirfear seirbhísí uisce agus sláintíochta san áireamh i gComhaontuithe Trádála, mar shampla An Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA).
 - Go gcuirfear Poiblí Comhpháirtíochtaí Poiblí chun cinn.
 - Go gcumhdófar an prionsabal "ní haon tráchtearra an t-uisce" den Chreat-Treoir Uisce sna beartais eile ag an Aontas Eorpach a bhaineann le huisce.
 - Go sonrófar go gcosnófar ár dtimpeallacht uisce sula gcuirfear beartais tráchtála i bhfeidhm.
 - Go gcuirfear tús le cláir tacaíochta dóibh siúd nach féidir íoc as a mbillí uisce, ionas nach dícheanglófar úsáideoirí.
 - Go gcinnteofar go dtaispeánfaidh cuideachtaí príobháideacha uisce, a bhfuil seirbhísí uisce á oibriú acu, an trédhearcacht agus an oscailteacht iomlán maidir lena gconarthaí (ról ar bith don rúndacht thráchtála sa tseirbhís poiblí seo).
 - Go gcuirfear chun cinn rannpháirtíocht an tsaoránaigh de réir an Chreat-Treoir Uisce.

Fógra cúlra don
Thionscnamh Eorpach na Saoránach:
Tá an ceart ag cách ar Uisce agus ar Shláintíocht!

4. Go méadófar rochtain ar uisce agus ar shláintíocht ar fud an domhain, trína leagadh amach i mBeartas forbartha an Aontais Eorpaigh go mbainfear amach rochtain uilechoiteann ar uisce agus ar shláintíocht agus go n-úsáidfear sciar níos mó den Chúnamh Oifigiúil Forbartha, arna chur in áirithe, chun seirbhísí uisce agus sláintíochta a fheabhsú.
5. Go gcuirfear Poiblí comhpháirtíochtaí Poiblí (Comhpháirtíochtaí Oibreoirí Uisce) chun cinn bunaithe ar phrionsabail sheachbhrabúsacha agus ar an dlúthpháirtíocht idir oibreoirí uisce agus oibrithe i dtíortha difriúla.
6. Go gcumhdófar sa dlí nach ndéanfar an t-uisce agus acmhainní uisce a phríobháidiú riamh.
7. Go dtacófar le cuideachtaí poiblí uisce, san Aontas Eorpach agus i dtíortha eile, nach bhfuil go leor airgid acu chun an soláthar uisce agus seirbhísí séarachais a chur ar fáil do dhaoine bochta, ag úsáid a gcuid cistí féin.
8. Go dtacófar le cuideachtaí uisce a dhéanann méid áirithe dá láimhdeachas bliantúil a infheistiú i gcomhpháirtíochtaí oibreoirí uisce i dtíortha forbartha, agus go gcuirfear na cuideachtaí sin chun cinn (mar a dhéantar san Ísiltír agus sa Fhrainc).
9. Go dtacófar le córas deonach tagarmharcála Eorpach a bhunú, le haghaidh fiontar poiblí, chun seirbhísí uisce d'ardchaighdeán a chur chun cinn.
10. Go gceapfar cód rialachais do chuideachtaí uisce sna 27 Ballstát den Aontas Eorpach.

An próiseas

Bunaíodh an Coiste Saoránach a bheidh ina ionadaí oifigiúil do Thionscnamh Eorpach na Saoránach seo. Bíonn seachtar ag teastáil ar a laghad, arb as 7 dtír dhifriúla Eorpacha iad. Tá 34 ionadaí againne, arb as 27 tír den Aontas Eorpach iad, ina rachaimid i mbun feachtais. Bhunaíomar grúpaí náisiúnta feachtais sna tíortha sin ar fad. Ina theannta sin, rachaimid i mbun feachtais i dtíortha eile, mar shampla an Tuirc, an Chróit, an Rúis agus an Iorua, chun a thaispeáint gur saincheist dhomhanda é seo agus nach mbaineann sé leis an Aontas Eorpach amháin.

Rachaimid i mbun feachtais ar líne agus ar na sráideanna chomh maith. Féadtar an feachtas a shíniú ar an láithreán gréasáin www.right2water.eu nó ar pháipéar. Tosófar ag bailiú sínithe a luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún Eorpach le Tionscnamh Eorpach na Saoránach againn. An 1 Aibreán 2012, tíolacfaimid ár dtogra, an chéad lá ar féidir Tionscnamh Eorpach na Saoránach a thíolacadh.

22 Márta 2012: Lá Domhanda an Uisce; seolfar an láithreán gréasáin www.right2water.eu

1 Aibreán 2012: clárófar an TES / cuirfear an TES isteach

24-25 Aibreán 2012: is súil leis go ndeimhneofar a chlárú ag an Choimisiún Eorpach = tosóimid díreach ag bailiú sínithe! Cruinniú speisialta ag Coiste Feidhmiúcháin an EPSU

Mí Aibreáin 2012 – Mí Aibreáin 2013: Bliain amháin chun milliún síniú a bhailiú.

Fógra cúlra don
Thionscnamh Eorpach na Saoránach:
Tá an ceart ag cách ar Uisce agus ar Shláintíocht!

Eagraíochtaí tacaíochta

Rachfar i mbun feachtais ar líne agus ar na sráideanna chomh maith. Tá tacaíocht á lorg againn ó raon leathan daoine in eagraíochtaí neamhrialtasacha; m.sh. eagraíochtaí comhshaoil, sóisialta agus forbartha, agus in eagraíochtaí ban, in eaglaisí agus i gcuideachtaí poiblí (uisce) chomh maith. Beidh tacaíocht á lorg againn ó gach réimse polaitiúil chomh maith agus iarrfaimid orthu siúd atá ina ‘bpearsana poiblí’ a bheith ina n-ambasadóirí dár gcuid feachtais trí thacaíocht phoiblí a sholáthar.

Achoimre ghearr ar an phróiseas ar gá d'eagraithe leanúint chun Tionscnamh Eorpach na Saoránach a thíolacadh.

- a) Caithfidh cumas a bheith ag an Aontas Eorpach reachtaíocht a mholadh, faoi na Conarthaí, maidir le cuspóir an tionscnaimh, agus ní cóir dó a bheith suaibhreasach go follasach nó contrártha do luachanna an Aontais.
- b) Caithfidh na heagraithe coiste saoránach a bhunú ata comhdhéanta de sheacht mball ar a laghad agus ionadaí amháin agus duine éigin eile a ainmniú mar dhaoine teagmhála. Chaithfidís agus chaithfeadh sínitheoirí todhchaí a bheith ina saoránaigh Eorpacha, a bhfuil cead acu vótáil i dtoghcháin Eorpacha.
- c) Sula mbaileofar sínithe, caithfidh na heagraithe a iarraidh ar an Choimisiún an tionscnamh a chlárú ag úsáid na foirme caighdeánaí chuige sin, agus fírinniú breise agus téacs dleathach a chur léi sin más mian leo.
- d) Laistigh de dhá mhí, clárófar an tionscnamh ag an Choimisiún nó diúltófar dó, agus cuirfear na cúiseanna in iúl do na heagraithe chomh maith leis na réitigh breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha ar fad atá ann dóibh.
- e) Caithfear méid tábhachtach sínithe a bhailiú i 7 mballstát ar a laghad. I ngach tír, is ionann an méid sin agus líon na suíochán atá acu i bParlaimint na hEorpa arna iolrú faoi 750.
- f) Ag am a gcláraithe agus i rith an phróisis, caithfidh eagraithe a bhfoinsí maoinithe ar fad a nochtadh agus trédhearcacht iomlán a chinntiú ina leith.
- g) Féadfar sínithe a bhailiú ar líne nó ar pháipéar. Beidh ar eagraithe nósanna imeachta difriúla náisiúnta a chomhlíonadh chun sínithe a chlárú agus a dheimhniú. Caithfidh sínitheoirí i 18 as 27 Ballstát comhartha aitheantais nó pasuimhir a bheith acu. Ní bheidh tada ag teastáil sna 9 dtír eile.
- h) Beidh bliain amháin ag eagraithe chun deimhnithe sínithe a bhailiú agus na coinníollacha a chomhlíonadh sula gcuirfear an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin.
- i) Féadfaidh an coiste saoránach an tionscnamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin go pearsanta “ar leibhéal cuí” agus eagrófar seisiún i bParlaimint na hEorpa chun éisteacht leis. Laistigh de thrí mhí, foilseoidh an Coimisiún teachtaireacht ina leagfar amach a chonclúidí dleathacha agus polaitiúla, agus an fáth ar ghníomhaigh nó nár ghníomhaigh sé.

Fógra cúlra don
Thionscnamh Eorpach na Saoránach:
Tá an ceart ag cách ar Uisce agus ar Shláintíocht!

- j) Bíonn eagraithe thionscnaimh na saoránach agus na húdaráis faoi réir rialacha cosanta sonraí chun a chinntiú nach mbaileofar sonraí pearsanta d'aon chúis eile ar bith ach amháin i gcomhair an tionscnaimh, agus go scriosfar iad ina dhiaidh sin. Féadfar pionóis a ghearradh chomh maith ar na heagraithe má sháraítear an reachtaíocht ar mhodh ar bith eile, mar shampla sínithe calaoiseach.

Ní thugann an reachtaíocht fíorcheart do shaoránaigh bille nua a mholadh toisc nach bhfuil sí ina ceangal ar an Choimisiún. Fiú má shíníonn an méid daoine is gá TES agus fiú má chomhlíonann sé na rialacháin ar fad, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh nach nglacfar leis. Caithfear an chiall cheart a bhaint as TES: uirlis cheannródaíoch atá ann a chuireann ar chumas saoránach aird an Choimisiúin, agus aird na meán agus an phobail i gcoitinne chomh maith, a tharraingt ar ábhar áirithe agus tús a chur le díospóireacht ar an ábhar sin ar fud na hEorpa.